Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8695/26**

**ECOFIN 538**
**UEM 151**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ón gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas agus Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa maidir leis na coinníollacha a bhaineann le ballraíocht an Aontais<br>– Glacadh |

1. An 24 Márta 2026, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis na coinníollacha a bhaineann le ballraíocht an Aontais i mBanc Forbartha Chomhairle na hEorpa, mar a leagtar amach in 7686/26 + ADD 1 é. Is iad Airteagail 175(3) agus 212 CFAE na bunúis dlí shubstainteacha, agus leagtar amach in Airteagal 218(3) agus (4) CFAE an bunús dlí don nós imeachta don chinneadh a mholtar chun tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcomhaontú atá beartaithe.

2. Phléigh Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an moladh ag na cruinnithe a bhí aici an 14 Aibreán agus an 28 Aibreán 2026.

3. An 28 Aibreán 2026, chuir an Uachtaránacht téacs comhréitigh ar aghaidh ina raibh leasuithe teoranta ar an dréachtchinneadh agus ar na treoracha caibidlíochta arb é is aidhm dóibh cearta institiúideacha na Comhairle a threisiú le linn na caibidlíochta, mar a leagtar amach in WK 5861/26 é.

4. D’fhormhuinigh Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht trí chomhairliúchán neamhfhoirmiúil i scríbhinn a tugadh chun críche an 30 Aibreán 2026.

5. I bhfianaise an mhéid sin, moltar don Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú maidir leis an téacs a dheimhniú agus a mholadh don Chomhairle an dréachtchinneadh ón gComhairle a ghlacadh ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis na coinníollacha a bhaineann le ballraíocht an Aontais i mBanc Forbartha Chomhairle na hEorpa, a ndearna na dlítheangeolaithe athbhreithniú air cheana agus a leagtar amach in 8533/26, chomh maith leis na treoracha caibidlíochta a leagtar amach in ADD 1 a ghabhann leis an doiciméad sin.